An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Tuairisc ar Chigireacht Leantach

## Naíscoil Charn Tóchair
## Machaire Rátha

## Dáta na Cigireachta: Samhain 2008

**TUAIRISC AR CHIGIREACHT LEANTACH I NAÍSCOIL CHARN TÓCHAIR, MACHAIRE RÁTHA, CO. DHOIRE, BT46 5NH (3AB-0114)**

Sa chigireacht i Mí an Mheithimh 2007 tugadh aird ar leith ar láidreachtaí i ndílseacht na foirne agus i gcaighdeán a gcuid Gaeilge labhartha agus aimsíodh an gá a bhí le feabhsúcháin a dhéanamh sna phríomhréimsí seo a leanas:

- iompar na bpáistí a bainistiú;
- an dóigh a n-eagraítear an seisiún laethúil;
- an phleanáil le haghaidh súgradh fisiceach;
- a fhoirmiúla a bhíonn cuid de na gníomhaíochtaí; agus
- caighdeán na n-acmhainní.

**San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla ha hathruithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta:**

- tá saineolaí oideachais luath-óige an ionaid i ndiaidh comhairle agus treoir rialta iomchuí, a bhí sain-dírithe ar nithe ar leith, a thabhairt don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta;
- tá an fhoireann i ndiaidh tuilleadh spáis súgartha a chruthú taobh istigh den fhoirgneamh, agus seomra le haghaidh súgradh fisiceach san áireamh;
- d’éirigh leis an fhoireann oiliúint a fháil i mbainistiú iompair agus i ngnéithe d’fhorbairt curaclaim a chuimsigh súgradh le hábhair nádúrtha agus súgradh fisiceach agus gluaiseacht; agus
- fuarthas acmhainní breise le haghaidh súgradh fisiceach agus súgradh amuigh faoin spéir.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna sraith cuairteanna cigireachta ar an ionad mar chuid den phróiseas leantach.  Ullmhaíodh an tuairisc seo i ndiaidh na cuairte cigireachta a rinneadh ar 21 Samhain 2008 agus cuirtear sa chuntas inti na cinntí a d’éirigh as na cuairteanna i Mí na Samhna 2007 agus i Mí Mheán Fómhair 2008.

Dréachtaíodh pleananna gníomhaíochta i bhfianaise chinntí na cigireachta agus tá an t-ionad i ndiaidh iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar an soláthar oideachais inar aimsíodh  tosaíochtaí le haghaidh tuilleadh fheabhsúchán.  Tá an fhoireann agus an grúpa bainistíochta i mbun dréachtú plean forbartha don chéad tréimhse eile pleanála 2008-2011.

**Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a chuir an fhoireann agus an grúpa bainistíochta i bhfeidhm.**

- Tá an fhoireann i ndiaidh polasaí an ionaid ar bhainistiú iompair a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta.  Tá comhaontú déanta le tuismitheoirí ar straitéisí iomchuí agus iad páirteach iontu agus cuireann an fhoireann uile i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad.

- Athbhreithníodh agus feabhsaíodh an dóigh a n-eagraítear an clár laethúil. Anois bíonn tréimhsí fada súgartha ag na páistí gan cur isteach agus déantar an t-athrú ó shaorshúgradh go gníomhaíochtaí faoi stiúir daoine fásta ar bhonn níos slachtmhaire. Bainistítear gnáthimeachtaí an lae go maith anois gan cur isteach ar na páistí. Tá an fhoireann agus an saineolaí oideachais luath-óige i ndiaidh athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an soláthar le haghaidh súgradh fisiceach. Tá fáil ag na páistí anois ar áit súgartha ar leith taobh istigh a bhfuil neart acmhainní inti. Pleanáiltear an clár le haghaidh súgradh fisiceach go cúramach agus bainistítear go maith é.

- Bíonn an idirghníomhaíocht idir an fhoireann agus na páistí níos éifeachtaí chun diansúgradh socair a bhfuil cuspóir leis a chur chun cinn. Nuair a dhéantar pleanáil ghearrthréimhseach léirítear go soiléir an t-ábhar atá le foghlaim taobh istigh de na gníomhaíochtaí agus forbraítear sin ar dhóigheanna cuí neamhfhoirmiúla agus nádúrtha. Bainistítear grúpaí go sciliúil.

- Tá an seomra nua súgartha leagtha amach go tarraingteach agus tá fáil ag páistí ar réimse is leithne acmhainní agus ar chlár imeachtaí ar cuireadh tuilleadh feabhais air.

Ó rinneadh an chigireacht tá dianluacháil déanta ag an ionad ar an dul chun cinn atá déanta sna réimsí a aimsíodh mar réimsí a bhí le feabhsú sa bhunchigireacht.

I rith na tréimhse i ndiaidh na cigireachta chuathas i mbun cuid mhór féinmheastóireachta, rud a bhí ina chuidiú agus feabhsúchán á dhéanamh agus an t-ionad réamhscolaíochta ag aimsiú na dtosaíochtaí go cuí le haghaidh forbartha sa todhchaí.

Tá dul chun cinn an-mhór déanta sna réimsí a bhí le feabhsú agus a aimsíodh le linn na chéad chigireachta. Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá caighdeán an oideachais a sholáthraítear anois go han-mhaith. Tá an t-ionad ag freastal go han-éifeachtach ar riachtanais oideachais agus tréadchúraim na bpáistí agus tá an cumas atá ann cloí le féinfheabhsú buan léirithe go maith.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2009

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk